C/2025/5130

22.9.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12001 — MITSUI / MHI / MELCO / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/5130)

1. An 10 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui & Co., Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin),

— Mitsubishi Heavy Industries, Ltd. ('MHI', an tSeapáin),

— Mitsubishi Electric Corporation ('MEC', an tSeapáin).

Gheobhaidh Mitsui, MHI, agus MEC rialú comhpháirteach ar Japan Leo Shachu, Inc. ('JLS', an tSeapáin) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is teach trádála é Mitsui a bhfuil oifigí cláraithe aige sa tSeapáin agus cuimsíonn a limistéar geografach gníomhaíochta an Áise, Críocha Mheiriceá, an Eoraip, Comhlathas na Stát Neamhspleách, an Afraic, an Meánoirthear agus an Aigéine,

— Tá MHI páirteach i ngnólachtaí córas fuinnimh (córais ghiniúna cumhachta), gléasraí agus córas bonneagair (soithí tráchtála, innealtóireacht, etc.), lóistíochta, córas teirmeach agus tiomána (trealamh láimhseála ábhar, innill, córais aerchóiriúcháin, etc.), aerárthaí, cosanta agus spáis, agus cuimsíonn a limistéar geografach gníomhaíochta an Áise, Críocha Mheiriceá, an Eoraip, an Meánoirthear, an Aigéine agus an Afraic,

— Tá MEC páirteach i ngnólachtaí córas fóntais phoiblí, córas fuinnimh, córas cosanta agus spáis, córas uathoibrithe monarchan, trealaimh mótarfheithiclí, córas tógála, aerchóiriúcháin agus táirgí baile, nuálaíochta digití, agus leathsheoltóirí, agus cuimsíonn a limistéar geografach gníomhaíochta Críocha Mheiriceá, an Aigéan Ciúin agus an Áise, an Eoraip, Comhlathas na Stát Neamhspleách, an Meánoirthear agus an Afraic.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais JLS:

Modúl na Seapáine agus HTV-XC (iompróir lastais gan foireann) a fhorbairt agus a oibriú le haghaidh stáisiúin spáis tráchtála SAM, agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar, agus úsáid á baint as an gCiste um Straitéis Spáis atá ar lánúinéireacht agus faoi rialú aonair Mitsui faoi láthair.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12001 — MITSUI / MHI / MELCO / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË